CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1483 ÓN GCOMHAIRLE

an 14 Deireadh Fómhair 2020

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) An 12 Bealtaine 2020, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú, thar ceann an Aontais, inar luadh gur de thiomantas an Aontais fós go ndéanfar trádbhac na Náisiún Aontaithe sa Libia a urramú go hiomlán. Cuireadh i dtreis chomh maith sa dearbhú nach mór gach iarracht a dhéanamh a áirithiú go gcuirfear na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach freisin ag na teorainneacha talún agus aeir leis Libia.

(3) An 21 Meán Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1310 ([2]), inar ainmníodh trí eintiteas a raibh lámh acu i sárú thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe.

(4) Is cúis mhór imní don Chomhairle i gcónaí an staid sa Libia go háirithe a mhéid a bhaineann le gníomhartha a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Libia i mbaol, lena n-áirítear sáruithe ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe.

(5) Sa chomhthéacs sin, ba cheart duine amháin ag a raibh láimh sna gníomhartha den sórt sin a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1310 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (IO L 305 I, 21.9.2020, lch. 5).

IARSCRÍBHINN

(1) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, faoin gceannteideal 'A. Daoine', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'19.	Yevgeniy Viktorovich PRIGOZHIN (Евгений Викторович Пригожин)	Dáta breithe: 1 Meitheamh 1961 Áit bhreithe:: Leningrad (St. Petersburg) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is fear gnó Rúiseach é Yevgeniy Viktorovich Prigozhin a bhfuil dlúthnaisc aige leis an gcuideachta phríobháideach mhíleata, Wagner Group, naisc airgeadais san áireamh. Ar an gcaoi sin, tá Prigozhin rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá ar bun ag Wagner Group sa Libia, gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre i mbaol, agus tá sé ag tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Go háirithe, tá Wagner Group rannpháirteach i sáruithe iomadúla a dhéantar arís agus arís eile ar an trádbhac arm sa Libia arna bhunú i Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus arna thrasuí in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2015/1333, lena n-áirítear seachadadh arm mar aon le himscaradh amhas isteach sa Libia chun tacú leis an Libya National Army. Ghlac Wagner Group páirt in oibríochtaí míleata iomadúla i gcoinne an Government of National Accord a dtacaíonn na Náisiúin Aontaithe leis agus chuidigh sé le díobháil a dhéanamh do chobhsaíocht na Libia agus leis an mbonn a bhaint de phróiseas síochána.'	15.10.2020

(2) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, faoin gceannteideal 'A. Daoine', cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'24.	Yevgeniy Viktorovich PRIGOZHIN (Евгений Викторович Пригожин)	Dáta breithe: 1 Meitheamh 1961 Áit bhreithe:: Leningrad (St. Petersburg) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is fear gnó Rúiseach é Yevgeniy Viktorovich Prigozhin a bhfuil dlúthnaisc aige leis an gcuideachta phríobháideach mhíleata, Wagner Group, naisc airgeadais san áireamh. Ar an gcaoi sin, tá Prigozhin rannpháirteach sna gníomhaíochtaí atá ar bun ag Wagner Group sa Libia, gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre i mbaol, agus tá sé ag tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Go háirithe, tá Wagner Group rannpháirteach i sáruithe iomadúla a dhéantar arís agus arís eile ar an trádbhac arm sa Libia arna bhunú i Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus arna thrasuí in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2015/1333, lena n-áirítear seachadadh arm mar aon le himscaradh amhas isteach sa Libia chun tacú leis an Libya National Army. Ghlac Wagner Group páirt in oibríochtaí míleata iomadúla i gcoinne an Government of National Accord a dtacaíonn na Náisiúin Aontaithe leis agus chuidigh sé le díobháil a dhéanamh do chobhsaíocht na Libia agus leis an mbonn a bhaint de phróiseas síochána.'	15.10.2020